· Meas ar éagsúlacht i luachanna, i dtraidisiúin, i gcreidimh, i dteanga agus i gcórais mhaireachtála an tsochaí.

· Cearta an dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici nó atá faoi mhíbhuntáiste.

## 2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Cumadh Beartas Iontrála Scoil Chuismitheach Chiaráin faoi stiúir ráitis misin na scoile “Ardchaighdeán Oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil sa Phobal Gaeltachta seo ina ndíríonn muid ar fhorbairt shóisialta, acadúil, spioradálta agus cultúrtha an dalta. Timpeallacht shábháilte a chothú ina bhfuil tacaíocht le fáil ag gach dalta chun a bhuanna a fhorbairt go hiomlán.”

Tá cur síos déanta go soiléir ar fhreagrachtaí phátrún na scoileanna iarbhunoideachais in Acht Oideachais, 1998. San Earnáil Scoileanna Cuimsitheacha féin, is ionann Iontaobhaithe na scoile agus Comhphátrúin na scoile. Tá rólanna agus freagrachtaí an Phátrúin i Scoil Chuimsitheach léirithe in Acht Oideachais, 1998. Tá sainmhíniú níos mó déanta ar na rólanna agus ar na freagrachtaí sin in Airteagail Bainsitíochta na Scoile Cuimsithí .

Is Scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin a bunaíodh i 1966 ar a bhfreastalaíonn idir chailíní agus bhuachaillí. Is iad Ardeaspag Thuama agus an tAire Oideachais agus Scileanna Comhphátrúin Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Tá ochtar ball ar Bord Bainistíochta na scoile comhdhéanta mar seo a leanas, beirt ainmní an Easpaig, beirt ainmní ó Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, beirt thuismitheoir agus beirt mhúinteoir.

Tá an Scoil airgeadaithe go hiomlán ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is í Gaeilge teanga na scoile. Soláthraítear foireann múinteoirí don scoil faoi réir chóras leithroinnt mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna agus feidhmíonn an scoil de réir chlár rialacha na Roinne sin.

Is í an fhís atá againn do Scoil Chuimsitheach Chiaráin go mbeidh pobal scoile ann ina mbeidh comhionannas, síocháin agus cairdeas ag croílár na scoile sin. Glactar leis agus aithnítear go bhfuil pobal na scoile comhdhéanta de daoine aonair atá thar a bheith éagsúil óna chéile. Oibreoidh chuile dhuine i bpobal na scoile seo lena chinntiú go mbeidh deis ag chuile dhuine i bpobal na scoile an mian croí atá acu sa saol a bhaint amach.

Chomh maith leis sin is scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin atá suite i gcroílár an traidisiúin Gaelaí – tá an teanga, an amhránaíocht ar an sean-nós, an damhsa ar an sean-nós chomh maith leis an mbéaloideas lárnach anseo. Tuigeann muide an saibhreas cultúrtha agus oidhreachta atá sa gceantar seo agus an tábhacht a bhaineann lena chaomhnú agus lena neartú.

Déantar caidrimh idir na comhpháirtithe oideachais a chothú, a spreagadh, a chumhachtú agus a chumasú. Trí oibriú i gcomhar le Tuismitheoirí/Caomhnóirí déanann an scoil chuile iarracht fonn foghlama ar feadh an tsaoil a chothú sna scoláirí a bhíonn faoinár gcúram chomh maith le meas a bheith acu fhéin ar an duine aonair, tuiscint a fháil ar na riachtanais a bhíonn ag daoine faoi mhíbhuntáiste agus cúram a dhéanamh don timpeallacht chomh maith le tuiscint agus eolas a chur ar an gcultúr saibhir atá againn. Bainfear leas as spiorad ar leith na scoile má fheictear é mar an bhunchloch a úsáidfidh an scoil chun treo na scoile a mhúnlú agus na gníomhartha a nglacfar leo inti. Is féidir a rá gur ionann spiorad ar leith na

